Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/4816

8.9.2025

**Caingean arna tabhairt an 18 Iúil 2025 – Petropavlovsk v an Chomhairle**

**(Cás T-475/25)**

(C/2025/4816)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Petropavlovsk plc (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: B. Kennelly, Abhcóide Sinsir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh (CBES) 2025/936 ón gcomhairle an 20 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ([1]) a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, a chur ar neamhní;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/933 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, ([2]) a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, a chur ar neamhní; (i dteannta a chéile, 'na smachtbhannaí'),

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

## Saincheist dlí agus príomhargóintí

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráidí follasacha measúnaithe lena cinneadh gur comhlíonadh an critéar ainmniúcháin. Go háirithe, is léir go bhfuil na cúiseanna a thug an Chomhairle chun an t-iarratasóir a áireamh sna smachtbhannaí mícheart agus níl aon bhunús leo i ndáiríre. Ghníomhaigh an Chomhairle go míréasúnta agus í ag diúltú athmhachnamh a dhéanamh ar na smachtbhannaí, a mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir. Ba cheart don Chomhairle imscrúdú breise a dhéanamh agus scrúdú cuí a dhéanamh ar leordhóthanacht, inchreidteacht agus iontaofacht an ábhair ar a raibh sí ag brath, ach mhainnigh sí amhlaidh a dhéanamh. Níl aon bhonn fíorasach leordhóthanach ann do na smachtbhannaí, a mhéid atá feidhm acu maidir leis an iarratasóir agus ba cheart iad a chur ar neamhní dá réir sin.

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2025/936 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 2025/936).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/933 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 2025/933).